

RABHADH

Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe,
nó caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit****SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

DÉ CÉADAON, 18 MEITHEAMH 2014 – MAIDIN 9.30 - 12.00

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL
(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid 1 agus **ceithre** cheist as Cuid 2.
Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid 1.

CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc).

CUID 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
Ná scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS
LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSAÍDEADH CHUN NA CEISTEANNA
I gCUID 2 A FHREAGAIRT.**

CUID 1 (120 marc)

Freagair cúig cheist déag.

Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc

1. I gcóras an mhargaidh is í idirghníomhaíocht _____ agus _____ a chinntíonn praghsanna.

2. Is tomhas é an OTI (GDP) ar an táirgeacht i ngeilleagar. Luagh cad dó a seasann na litreacha OTI.

O: _____ T: _____ I: _____

3. Sa bhliain 2012 chuir earnáil na talmhaíochta in Éirinn (foraoiseacht agus iascaireacht san áireamh) ar fáil tuairim agus:

(i) **2.5% / 15% / 25%** den aschur náisiúnta (Oll-Bhreisluach). Cuir ciorcal thart ar an gcéatadán **ceart**.


(ii) **1% / 5% / 10%** den fhostaíocht náisiúnta. Cuir ciorcal thart ar an gcéatadán **ceart**.

4. Luagh **dhá** mhodh chun dímheas a ríomh i gcás gnó feirme.

(i) _____

(ii) _____

5. Taispeánann an graf thíos an treocht i líon ionlán na gcaorach, na mbeithíoch agus na muc in Éirinn sna blianta 2005 go 2013. Cuir in iúl cé acu lipéad (A, B nó C) a bhaineann le gach sraith díobh. Ní ceadmhach an lipéad céanna a úsáid níos mó ná uair amháin.



6. Sna spásanna thíos, líon isteach na **trí** chomhpháirt den chumasc margáiochta atá in easnamh:

	(i)	(ii)	(iii)
TÁIRGE			

7. Is é is Glanfhiúchas ann i gcomhthéacs na feirmeoireachta ná an difríocht ina euro idir Ionlán

na _____ agus _____ na bhFiachas.

8. Luáigh feidhm **amháin** atá ag gach ceann de na hinstítiúidí seo a leanas:

(i) An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara _____

(ii) Teagasc _____

9. Cuir ciocal thart ar an uimhir **cheart** i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(i) Líon na mballstát san AE ó 1 Iúil 2013 18 28 38

(ii) Caiteachas an CBT mar % (neasach) de bhuiséad an AE in 2013 40% 60% 80%

10. Más é praghаслеаisteachas an éilimh ar tháirge bia ná **-1.7**, tiocfaidh **laghdú / ardú 17% / 1.7%** ar an gcainníocht a éileofar má thíteann praghас an mhargaidh de 10%.
Cuir ciocal thart ar an bhfreagra **ceart** i ngach cás.

11. Tógadh na sonraí seo as an Suirbhé Náisiúnta Feirme in 2012. Comhlánaigh an tábla agus cuir ciocal thart ar an gcóras ceart feirmeoireachta sna cealla scáthaithe thíos.

CÓRAIS FEIRMEOIREACHTA arna liostú ón gceann is mó go dtí an ceann is lú i dtéarmaí (i) agus (ii)		
(i) Gnáthmhéid na feirme (ha)	(ii) Meánioncam sa heicteár (€)	
Curadóireacht / Tógál beithíoch	64 ha	Déiríocht / Caoirigh €887
Beostoc measctha	63 ha	Beostoc measctha €734
Déiríocht	56 ha	Curadóireacht €581
Caoirigh	49 ha	Beithígh (eile) €412
Beithígh (eile)	43 ha	Déiríocht / Caoirigh €375
Curadóireacht / Tógál beithíoch	35 ha	Tógál beithíoch €348

12. Is féidir staid airgeadais fhadtéarmach na feirme a scrídú **i gcuntas brabús agus cailleánais / i gclár comhardaithe** na feirme agus déantar é a thomhas de réir cóimheas **na bhfiacha / na sócmhainní leis na fiachais / leis an nglanfhiúchas**.

Cuir ciocal thart ar an bhfreagra **ceart** i ngach cás.

13. Mínigh an téarma ‘comhtháirge’ agus luáigh sampla **amháin** i dtalmhaíocht na hÉireann.

(i) Míniú _____

(ii) Sampla _____

14. Cuir ciорcal thart ar an uimhir **cheart** i gcás na staitisticí seo a leanas a tóгadh as Móráireamh na Talmhaíochta in Éirinn in 2010:
- | | | | |
|---|--------|---------|---------|
| (i) Líon na ngabháltas feirme (go neasach) | 90,000 | 140,000 | 190,000 |
| (ii) An riar (neasach) d'achar na talún atá in úsáid sa talmhaíocht | 66% | 80% | 92% |
15. Luagh **dhá** íocaíocht dhíreacha a fhaigheann feirmeoirí in Éirinn:
- (i) _____
- (ii) _____
16. Luigh sampla **amháin** de gach ceann díobh seo a leanas as clár comhardaithe feirm thipiciúil theaghlaigh.
- (i) Sócmhainn Sheasta _____
- (ii) Fiachas Fadtéarmach _____
- (iii) Sócmhainn Reatha _____
17. Líon isteach na **trí** fhocal atá in easnamh chun sainmhíniú caighdeánach na heacnamaíochta a chríochnú.
 “Is _____ shóisialta í an eacnamaíocht ina ndéantar staidéar ar iompar an duine mar choibhneas idir aidhmeanna agus acmhainní _____ a bhfuil feidhmeanna _____ acu”.
18. (i) Mínigh an téarma ‘cáin Indíreach’ _____

- (ii) Cuir ciорcal thart ar an gcáin indíreach sa liosta seo a leanas:
- | | | |
|------|-----|---------------------|
| IMAT | CBL | CGC [CGT i mBéarla] |
|------|-----|---------------------|
19. Cuir an téarma ceart isteach i ngach ceann de na **trí** chill fholmha chun an tábla seo a leanas a chomhlánú. Ní ceadmhach téarma tugtha a chur isteach ach aon uair amháin.
- | Toisc Tháirgeachta | TALAMH | SAOTHAR | (i) | BAINISTÍOCHT |
|--------------------|--------|---------|-----|--------------|
| Praghas toisce | Cíos | (ii) | Ús | (iii) |
20. (i) Is é is taraif ann ná _____ ar iompórtálacha earraí agus seirbhísí a thugtar isteach sa thír ón iasacht.
- (ii) Luagh cén fáth nach gnách taraif a bheith ar earraí talmhaíochta a iompórtáltear go hÉirinn ón bhFrainc. _____

Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanma i gCuid 2 a fhreagairt.

CUID 2 (200 marc)


Freagair **ceithre** cheist.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.

Ná scríobh freagraí **Chuid 2** ar an gceistpháipéar seo.

1. Taispeánann an léaráid thíos margadh bliantúil na bprátaí.



- Cén phríomhfheidhm a bhíonn ag aon mhargadh, ag margadh na bprátaí mar shampla?
- (i) Cén chainníocht prátaí a éilítear nuair is é €4 an kg an praghas atá orthu?
- (ii) Cén chainníocht prátaí a sholáthraítear nuair is é €2 an kg an praghas atá orthu?
- (iii) Luaigh an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta i margadh na bprátaí. Mínigh do fhreagra.
- (i) Ríomh an t-ioncam ionlán bliantúil (II) nuair a bhíonn margadh na bprátaí i gcothromaíocht.
- (ii) Is féidir amharc ar phasta mar tháirge a ghlacann ionad prátaí. Má thagann ardú ar mhargadhphraghas an phasta, luaigh an tionchar is dócha a bheadh aige sin ar chuar an éilimh ar phrátaí, **agus** ar an bpraghás cothromaíochta an mhargaídhe **agus** ar an gcainníocht chothromaíochta i margadh na bprátaí.

[50 marc]

2. (a) Luaigh **dhá** chuspóir de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) mar atá leagtha amach i gConradh na Róimhe 1957.
- (b) Cuireann an fheirmeoireacht leis an tsochaí ar bhealaí dearfacha chomh maith le táirgí talmhaíochta a chur ar fáil. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheann de na bealaí dearfacha sin.
- (c) Táthar ag súil le méadú mór i dtrádáil táirgí talmhaíochta an AE le Ceanada agus b'fhéidir le SAM sna blianta atá romhainn de réir mar a bheidh comhaontuithe nua trádála á dtabhairt i gcrích.

Tabhair breac-chuntas ar dheis mhargaíochta **amháin agus** ar dhúshlán **amháin** a d'fhéadfadh an méadú trádála seo a chur faoi thalmhaíocht na hÉireann.

[50 marc]

3. Taispeánann an tábla thíos ráiteas sreabhadh airgid achomair don chéad dá ráithe agus réamhaisnéis (buiséad) sreabhadh airgid don tríú ráithe de 2014 ar fheirm dhéiríochta Shorcha. Is feirmeoir lánameartha déiríochta speisialaithe í Sorcha agus tá tréad déiríochta cobhsaí coinnithe aici le cúpla bliain anuas.


Níl aon athrú ar mhéid na feirme, ar an tréad déiríochta ná ar na hiasachtaí bainc pleanálte do 2014.

2014	Sreabhadh airgid iarbhír (€)		Sreabhadh airgid buiséadaithe (Réamh-mheasta) (€)
	R1 (Ean. - Már.)	R2 (Aib. – Meith.)	
Na Fáltais iomlána	40,000	52,000	50,000
Na hÍocaíochtaí iomlána	45,000	41,000	42,000
An tAirgead Tirim Glan	(5,000)	11,000	?
An tIarmhéid Tosaigh	?	0	11,000
An tIarmhéid Deiridh	0	11,000	?

- (a) (i) Luaigh cineál **amháin** fáltais agus cineál **amháin** íocaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le feirm Shorcha.
- (ii) Luaigh an t-Iarmhéid Tosaigh don chéad ráithe (**R1**) de 2014.
- (iii) Déan comparáid achomair idir an sreabhadh airgid iarbhír don chéad dá ráithe de 2014 (**R1 agus R2**) agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an difríocht idir thorthaí an dá ráithe.
- (b) Ríomh an t-airgead tirim glan agus an t-iarmhéid deiridh buiséadaithe (réamh-mheasta) don tríú ráithe (**R3**).

[50 marc]

4. Is leagan amach simplí ar an mbiashlabhra í an léaráid thíos.



- (a) Ainmnigh na comhpháirteanna A agus B sa bhiashlabhra thusa **agus** mínígh céard a chiallaíonn gach comhpháirt.
- (b) In 2012 bhí luach thart ar €9 billiún ar easpórtálacha agraibhia na hÉireann.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a bhféadfaí ábhar **breislúach** (i.e. a oiread próiseála a dhéantar ar) easpórtálacha agraibhia na hÉireann a mhéadú.
- (ii) Mínígh slí **amháin** a dtéann méadú ar ábhar breislúacha easpórtálacha agraibhia chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann.
- (c) Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann an Scéim um Dhearnbhú Cailíochta atá ag an mBord Bia chun tairbhe do thalmhaíocht na hÉireann.



[50 marc]

5. (a) Taispeánann an tábla seo a leanas an coibhneas idir an barr prátaí (aschur) agus an t-ionchur athraitheach saothar, ag glacadh leis go gcoinnítear na hionchuir eile gan athrú.


Saothar (uaireanta sa tseachtain)	20	21	22	23	24	25
Barr prátaí (tonaí sa heicteár)	20	25	29	32	34	35

- (i) Tarraing cuar lántáirgeachta (TPC *i mBéarla*) na bprátaí i do bhfreagarleabhar, bunaithe ar na sonrái sa tábla. Cuir an barr prátaí ar an y -ais cheartingearach agus an saothar ar an x -ais chothrománach.
- (ii) Ba chóir do dtaispeánpadh an TPC go bhfuil an t-aschur “ag méadú ach ar ráta laghdaitheach”. Mínigh an coincheap sin agdéanamh comparáid idir na hathruithe san aschur a fhaightear nuair a athraítear an saothar ó 20 uair sa tseachtain go dtí 21 uair, agus ó 22 uair sa tseachtain go dtí 23 uair.

- (b) Luaigní **dhá** shampla d'ionchuir idirmheánacha a úsáidtear i dtáirgeadh prátaí. [50 marc]

6. (a) Mínigh an téarma ‘ioncam ó fheirm theaghlaigh’ mar a úsáidtear é sa Suirbhé Náisiúnta Feirme.
- (b) Ainmnigh **dhá** fhoinsí ioncaim, **seachas** an fheirmeoireacht féin, a d’fhéadfadh a bheith ag teaghlaich feirme.
- (c) Léiríonn an bharrachairt thíos an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) de réir an réigiúin in 2012. (Ba é €25,479 an meánioncam náisiúnta ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) sa bhliain 2012.)

Agus an t-eolas sa bharrachairt thíos á úsáid agat, déan achoimre ar na difríochtaí is mó idir na réigiúin maidir leis an meánioncam ó fheirmeacha teaghlaigh (FFI) **agus** tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil na difríochtaí réigiúnacha seo ann.



[50 marc]

Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid 2 a fhreagairt.

Leathanach Bán